

Cúis na Gaeilge— Cúis ar Strae

Liam Ó Dochartaigh

(CATHAOIRLEACH: BREANDÁN Ó BUACHALLA)

Aithneoidh an lucht éisteachta anocht go bhfuil macalla i dteideal na léachta seo uaimse de léacht a thug Máirtín Ó Cadhain ag Comhdháil an Chomhchaidrimh in 1969 ‘Gluaiseacht na Gaeilge—Gluaiseacht ar strae’. Is é a bheidh á mhaíomh agamsa sa léacht seo ná go bhfuil an chúis féin, cúis na Gaeilge, ar strae faoi láthair agus sa mhéid gur féidir a rá gur ann do ghluaiseacht na Gaeilge, nach léir go dtuigeann an ghluaiseacht cén *raison d’être* atá ag an chúis ná aici féin níos mó. In ainneoin na n-athruithe bunúsacha atá tagtha ar an saol in Éirinn ó na 1960í i leith, athruithe ar thuiscintí idé-eolaíochta agus féiniúlachta, ar léamh na staire agus ar eagar sóisialta, braithim go bhfuil lucht na Gaeilge fós taobh le seantuisicintí maidir le tábhacht na Gaeilge don fhéiniúlacht Éireannach i gcoitinne nó maidir le hionad na Gaeilge in idé-eolaíocht nó i saol an stáit ó dheas. Cuid de m’argóintse sa léacht seo is ea go bhfuil cúis na Gaeilge ar strae ós rud é nach bhfuil feidhm leis na seantuisicintí seo i saol an lae inniu; nó, sa chás go bhfuil feidhm leo go fóill, nach bhfuil glacadh leo ag lucht ceannais agus cumhachta sa tír. Beidh orainn, más ea, roinnt de na tuiscintí seo a iniúchadh agus a phlé.

Is ceart dom a rá, sula dtéim níos faide le mo chuid cainte, nach dóigh liom go mbeidh aon ní nua le rá agamsa anocht; rudaí atá ráite ag daoine eile, beidh siad á dtabhairt le chéile agam ach beidh mo léamh féin agam orthu, gan amhras! Rud eile, is ceart dom a rá nach fear Gaeltachta mé ach nach ar scoil a d’fhoghlaimíos mo chuid Gaeilge ach oiread. As Contae Liatroma do m’athair agus do mo mháthair; ina ndaoine fásta dóibh, d’fhoghlaimíodar Gaeilge faoi thionchar spiorad an náisiúnachais ba bhun le bunú an Stáit ó dheas; agus thógadar a gclann

le Gaeilge i mbaile mór na Gaillimhe. Seans gur mar gheall ar an gcúlra seo agus mé a bheith gafa go gairmiúil le gnóthaí na Gaeilge, a bhraithimse go speisialta stádas na Gaeilge agus seasamh an Ghaeilgeora a bheith athraithe.

Buntuiscintí na hAthbheochana

Féachaimis ar dtús ar roinnt de na tuiscintí a bhain le gluaiseacht na hAthbheochana i dtús a ré. Déanfar sin le cabhair staidéir leis an Ollamh Joshua Fishman ar an gceangal idir náisiúnachas agus teanga.¹ Glacadh leis i measc na ngluaiseachtaí éagsúla náisiúnachais san Eoraip sa naoú haois déag go raibh teanga an náisiúin ar cheann de phríomhshuaitheantais d'fhéiniúlacht an náisiúin sin. Níor náisiún go teanga agus níor theanga go náisiún. Ba chomhartha aitheantais ag pobal an náisiúin an teanga a labhraíodar i bpáirt le chéile. Ar an mbealach seo, d'aontaigh teanga ar leith pobal náisiúin ar leith; aontaíodh fiú in ainm aon náisiúin amháin pobail a bhí scoite amach ó chéile a labhair foirmeacha éagsúla den teanga chéanna. Cothaíodh dearcadh i measc na bpobal seo a bunaíodh ar 'chodarsnacht féin-aitheantais'.i. labhraíonn an Gearmánach Gearmáinis, i gcodarsnacht leis an bhFrancach a bhfuil a theanga féin aige, an Fionlannach Fionlannais, i gcodarsnacht leis an Sualannach agus a chuid Sualannaise, an Giúdach Eabhrais, i gcodarsnacht le daoine nach Giúdaigh iad, agus mar sin de. Ba chomhartha náisiúnachais de chineál eile é teanga freisin sa mhéid is gur tuigeadh gur nasc a bhí sa teanga féin a d'fhág ceangal idir lucht labhartha na teanga agus na glúnta a chuaigh rompu. Bhí dhá thoise le gné na teanga den náisiúnachas, más ea, gné shioncrónach nó chomhaimseartha, sa mhéid is gur aontaigh sé lucht labhartha na teanga in aon phobal, nó in aon náisiún amháin; agus gné dhiacrónach, nó stairiúil, sa mhéid is gurbh fhianaise an teanga féin le leanúnachas stairiúil lucht labhartha na teanga sin.

Fritheadh dhá mhórfhoinse inspioráide don náisiúnachas cultúir ón dá bhuntuiscint seo. (1) Ar an gcéad dul síos, cuireadh suim faoi leith i gcultúr lucht labhartha na dteangacha náisiúnta, sa bhéaloideas go áirithe, agus toснаíodh ar an gcultúr seo a chaomhnú ar bhealaí éagsúla. Bailíodh seanchas agus scéalta, filíocht agus amhráin, damhsaí agus cluichí traidisiúnta agus rinneadh iad a fhorbairt agus a chur in oiriúint do chúinsí nua an tsaoil chomhaimseartha. Bhí tábhacht feasta leis an tuathánach, an lábánach bocht nach raibh meas ar bith ag lucht údaráis agus cumhachta air. Chuaigh an náisiúnaí ar a thóir, chaith tamall ina fhochair agus rinne é féin a thumadh i dteanga agus i dtuiscintí traidisiúnta an náisiúin faoi mar a chaomhnaigh lucht labhartha na teanga iad. 'The lower orders are seen as being not simply primitive peasants, but as the source of national creativity.... Salvation must come from below.' (2) Rinneadh staidéar chomh maith ar oidhreacht ársa an náisiúin, ar sheanstair, ar sheandálaíocht agus ar an teanga. Dá réir sin, tháinig an-fhorbairt ar léann na dteangacha náisiúnta, ar fhocleolaíocht agus ar fhoilsiú téacsanna ársa, dá mb'ann dóibh. Aimsíodh ré ghlórmhar